Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**10352/22**

**SAN 394**
**MI 488**
**COMPET 511**
**FISC 136**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Meitheamh 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 279 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN maidir le athrú substaintiúil ar dhálaí a bhunú le haghaidh táirgí tobac téite i gcomhréir le Treoir 2014/40 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 279 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 279 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.6.2022
COM(2022) 279 final

# TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN

## maidir le athrú substaintiúil ar dhálaí a bhunú le haghaidh táirgí tobac téite i gcomhréir le Treoir 2014/40

## 1. Réamhrá

Sainmhínítear in Airteagal 2(28) de Threoir 2014/40/AE[1] (dá ngairtear 'an Treoir' anseo feasta) 'athrú substaintiúil ar dhálaí' mar mhéadú 10 % ar a laghad ar na méideanna díolachán de réir catagóir táirgí i gcúig Bhallstát ar a laghad, bunaithe ar shonraí díolachán arna dtarchur i gcomhréir le hAirteagal 5(6) den Treoir nó méadú ar leibhéal leitheadúlacht úsáide an ghrúpa tomhaltóirí faoi bhun 25 bliana d'aois, faoi chúig phointe céatadáin ar a laghad i gcúig Bhallstát ar a laghad don chatagóir táirgí faoi seach, bunaithe ar thuarascáil Eorabharaiméadar Speisialta 385, Bealtaine 2012 nó ar staidéir leitheadúlachta choibhéiseacha. De réir na forála céanna, meastar nár tharla athrú substaintiúil ar dhálaí mura mbíonn méid díolachán na catagóire táirgí ar an leibhéal miondíola níos mó ná 2.5 % de dhíolachán iomlán táirgí tobac ar leibhéal an Aontais. Ceanglaítear le hAirteagal 7(12) agus le hAirteagal 11(6) den Treoir ar an gCoimisiún athrú substaintiúil ar dhálaí a bhunú le haghaidh catagóir táirgí ar leith i dtuarascáil.

Soláthraítear sa Tuarascáil seo faisnéis ar fhorbairtí margaidh, atá ábhartha don mheasúnú ar athrú substaintiúil ar dhálaí maidir le táirgí tobac téite. Is ionann táirgí tobac téite agus táirgí tobac núíosacha a théitear chun astaíocht a tháirgeadh ina bhfuil nicitín agus ceimiceáin eile, a ionanálaíonn an t-úsáideoir/na húsáideoirí ansin, agus, ag brath ar a saintréithe, ar táirgí tobac neamhdheataigh iad de réir bhrí Airteagal 2(5) den Treoir, nó táirgí tobac lena gcaitheamh de réir bhrí Airteagal 2(9) den Treoir. Tá an anailís a chuirtear i láthair sa Tuarascáil seo bunaithe ar shonraí a tarchuireadh de réir Airteagal 5(6) den Treoir trí bhíthin Thairseach Iontrála Comhchoiteann AE ('GIC-AE'), sonraí a bailíodh ó chóras inrianaitheachta tobac an Aontais a bunaíodh faoi Airteagal 15 den Treoir agus sonraí ó 'Euromonitor International Passport Tobacco 2021'. Is tacar sonraí tráchtála é an ceann deireanach a fuair an Coimisiún ó Euromonitor International. Ní chuimsítear sa tacar sonraí seo de chuid Euromonitor sonraí le haghaidh LU, MT agus CY (ina gcuimsítear níos lú ná 0.5 % de dhaonra an Aontais). Mar sin féin, úsáideadh é mar sheachvótálaí ionadaíoch do dhíolacháin AE27.

## 2. Anailís ar an athrú substaintiúil ar dhálaí maidir le táirgí tobac téite

### 2.1 An chéad choinníoll maidir le hathrú substaintiúil ar dhálaí:

Chun an chéad choinníoll maidir le hathrú substaintiúil ar dhálaí a chomhlíonadh, ní mór ceann amháin den dá imthoisc seo a leanas a bhunú.

#### 2.1.1 Méadú cúig phointe céatadáin ar a laghad ar leibhéal leitheadúlacht úsáide an ghrúpa tomhaltóirí faoi bhun 25 bliana i gcúig Bhallstát ar a laghad

[1] Treoir 2014/40/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialachán agus fhorálacha riaracháin na mBallstát a bhaineann le monarú, cur i láthair agus díol táirgí tobac agus táirgí gaolmhara agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/37/CE (IO L 127, 29.4.2014, lch. 1).

I dtuarascáil speisialta Eorabharaiméadar 506[2] níor sainaithníodh méadú ar leibhéal leitheadúlacht úsáide an ghrúpa tomhaltóirí faoi bhun 25 bliana d'aois faoi chúig phointe céatadáin ar a laghad i gcúig Bhallstát ar a laghad i gcás táirgí tobac téite.

### 2.1.2 Méadú 10 % ar a laghad ar mhéideanna díolachán na dtáirgí lena mbaineann i gcúig Bhallstát ar a laghad

I dTábla 1 atá bunaithe ar shonraí GIC-AE, léirítear an méadú ar mhéideanna díolachán na dtáirgí tobac téite ar an leibhéal miondíola don tréimhse 2018 - 2020 sna Ballstáit inar bunaíodh an méadú ábhartha a bheith níos airde ná 10 %.

*Tábla 1: Méideanna díolachán táirgí tobac téite, ina milliúin maide (2018 – 2020)*

| Ballstát | 2018 méideanna díolachán | 2019 méideanna díolachán | 2020 méideanna díolachán | 2019-2018 méadú céatadáin | 2020-2019 méadú céatadáin | 2020-2018 méadú céatadáin |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **CY** | 44.590 | 96.660 | 147.260 | 117 % | 52 % | 230 % |
| **CZ** | 0.859 | 1 284.094 | 1 744.4 | Os cionn 999 % | 39 % | Os cionn 999 % |
| **FR** | 36.796 | 78.215 | 186.009 | 113 % | 138 % | 406 % |
| **GR** | 0.007 | 1 159.804 | 1 443.958 | Os cionn 999 % | 25 % | Os cionn 999 % |
| **HR** | 0.003 | 219.072 | 289.592 | Os cionn 999 % | 32 % | Os cionn 999 % |
| **IT** | 0.042 | 3 571.016 | 5 819.033 | Os cionn 999 % | 63 % | Os cionn 999 % |
| **NL** | 28.262 | 43.120 | 71.618 | 53 % | 66 % | 153 % |
| **PL** | 0.010 | 1 206.171 | 2 466.150 | Os cionn 999 % | 104 % | Os cionn 999 % |
| **PT** | 338.022 | 637.649 | 944.977 | 89 % | 48 % | 180 % |
| **RO** | 486.239 | 671.053 | 837.587 | 38 % | 25 % | 72 % |
| **AE27** | **934.854** | **12 332.655** | **19 716.820** | **1219 %** | **60 %** | **2009 %** |

Foinse: Sonraí GIC-AE

Dá bhrí sin, deimhnítear leis na sonraí a chuirtear i láthair thuas gur tháinig méadú de chéatadán ab'airde ná 10 % in os cionn cúig Bhallstát ar mhéideanna díolachán na dtáirgí tobac téite ar an leibhéal miondíola le linn na tréimhse sainithe 2018 go 2020.

Ar an mbonn sin, baineadh amach an chéad choinníoll maidir le hathrú substaintiúil ar dhálaí maidir le táirgí tobac téite.

## 2.2 An dara coinníoll maidir le hathrú substaintiúil ar dhálaí: tá méid díolachán na dtáirgí lena mbaineann ar an leibhéal miondíola níos mó ná 2.5 % de dhíolachán iomlán táirgí tobac ar leibhéal an Aontais

Rinneadh sciar an mhargaidh de tháirgí tobac téite ar an leibhéal miondíola a ríomh trína mhéid díolachán bliantúil a roinnt ar mhéid díolachán foriomlán na dtáirgí tobac go léir ar leibhéal an Aontais. Rinneadh iniúchadh ar fhoinsí sonraí malartacha chun stóinseacht ríomh den sórt sin a áirithiú.

[2] Attitudes of Europeans towards tobacco and electronic cigarettes - February 2021 - - Eurobarometer survey (europa.eu) [Dearcthaí na nEorpach i leith toitíní tobac agus toitíní leictreonacha - Feabhra 2021- - Suirbhé Eorabharaiméadair]

### 2.2.1 Méid díolachán táirgí tobac téite ar an leibhéal miondíola

I dtábla 2 taispeántar méid díolachán táirgí tobac téite AE27 in 2020 ó dhá fhoinse sonraí éagsúla atá neamhspleách ar a chéile.

*Tábla 2: Méideanna díolachán táirgí tobac téite in AE27 ina milliúin maide (2020)*

| Foinse sonraí | Méid díolachán 2020 |
|---|---|
| **Sonraí GIC-AE** | 19 717 |
| **Euromonitor** | 20 766 |

Mar a léirítear sa tábla, tá an méid díolachán a thuairiscíonn Euromonitor beagán níos airde ná méid díolachán GIC-AE. I gcomhréir leis an gcur chuige coimeádach a roghnaíodh don Tuarascáil seo, baineadh úsáid as an méid díolachán is ísle (i.e. méid GIC-AE) mar uimhreoir chun sciar an mhargaidh de tháirgí tobac téite a ríomh. Cuireann an t-uimhreoir a méid margaidh bliantúil in 2020 in iúl, méid atá le cur i gcomparáid le méid iomlán na dtáirgí tobac a dhíoltar in AE27 in 2020 ar an leibhéal miondíola.

### 2.2.2 Díolachán iomlán táirgí tobac ar leibhéal an Aontais

Tá Tábla 3 bunaithe ar shonraí ó Euromonitor. Taispeántar ann díolachán iomlán táirgí tobac, lena n-áirítear díolachán iomlán toitíní, todóg, todóigíní, tobac rollta, tobac píopa agus tobac coganta agus táirgí tobac téite in 2020.

*Tábla 3: Méideanna iomlán díolachán na dtáirgí tobac (in 2020)*

| Toitíní (ina milliúin maidí) | Todóga (ina milliúin aonad) | Todóigíní (ina milliúin aonad) | Tobac rollta (ina milliúin maidí)* | Tobac píopa agus tobac coganta** (coigeartú) | Tobac téite (ina milliúin maidí) | Díolachán iomlán táirgí tobac (ina milliúin maide choibhéise acha) |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 408 279 | 1 006 | 8 459 | 108 059 | 3 908 | 20 766 | 550 478 |

* Tuarascáil Euromonitor: Meánn táirgí tobac rollta 75 641 thona. Ríomhtar leis an anailís an choibhéis i maidí tobac rollta ag glacadh leis gurb ionann 0.7 gram agus maide amháin.
** Ós rud é nach féidir méid díolachán tobac píopa agus tobac coganta a chainníochtú i maidí ar bhealach caighdeánaithe, déanann an anailís méid iomlán díolachán táirgí tobac a choigeartú tríd an sciar comhfhreagrach de mhargadhluach AE27, is é sin 0.71 % in 2020 (arb ionann é dá bhrí sin agus 550 478 * 0.71 % = 3 908 milliún maide choibhéiseacha).
Foinse: Euromonitor International Passport Tobacco 2021

Amhail ó mhí na Bealtaine 2019, ceadaíonn córas inrianaitheachta tobac an Aontais do na Ballstáit an sreabhadh margaidh de thoitíní agus de thobac rollta a leanúint. Léirítear i dtábla 4 méideanna díola toitíní agus tobac rollta le haghaidh 2020, arna ríomh ó shonraí atá bunaithe ar an gcóras inrianaitheachta tobac, agus dhá chur chuige mhalartacha á gcur san áireamh, agus tréimhsí ama atá beagán difriúil á ngabháil ag gach ceann acu, rud a léiríonn an t-am is gá chun go mbogann táirgí síos an slabhra dáilte. Ós rud é go ndéantar na sonraí a thaifeadadh ar leibhéal an mhonaróra, glactar leis go bhfuil moill aon mhí amháin ann go dtí go sroicheann an táirge an leibhéal miondíola (‘figiúirí táirgthe arna gcoigeartú de réir ama’).

Ós rud é nach n-áirítear méid an phacáiste sa bhunachar sonraí inrianaitheachta, rinneadh na sonraí inrianaitheachta a bhaineann leis an mbunachar sonraí GIC-AE a chros-seiceáil leis an anailís agus úsáid á baint as an aitheantóir táirge uathúil (TP-ID) chun an líon dtoitíní in aghaidh an phacáiste aonaid a dhearbhaítear do gach aitheantóir táirgí tobac i dtuarascáil GIC-AE a fhionnadh.

*Tábla 4: Táirgeadh toitíní agus tobac rollta in 2020*[3]

| **Toitíní** | | **Tobac rollta** | |
|---|---|---|---|
| **Figiúirí táirgthe arna gcoigeartú de réir ama (ina milliúin maidí)** | **Figiúirí táirgthe nach bhfuil coigeartaithe de réir ama** (ina milliúin maidí) | **Figiúirí táirgthe arna gcoigeartú de réir ama** (ina milliúin maide choibhéiseacha) | **Figiúirí táirgthe nach bhfuil coigeartaithe de réir ama** (ina milliúin maide choibhéiseacha) |
| **436 123** | 434 164 | 121 239 | 122 341 |

Tagraíonn *figiúirí táirgthe nach bhfuil coigeartaithe de réir ama* don tréimhse: Nollaig 2019 - Samhain 2020.
Tagraíonn *figiúirí táirgthe nach bhfuil coigeartaithe de réir ama* don tréimhse: Eanáir 2020 - Nollaig 2020.
Foinse: Córas inrianaitheachta tobac an Aontais

Chun críche an ríofa choimeádaigh a glacadh, breithnítear sa Tuarascáil an luach is airde den dá luach do na catagóirí faoi seach (is é sin, na figiúirí táirgthe arna gcoigeartú de réir ama le haghaidh toitíní agus na figiúirí táirgthe nach bhfuil coigeartaithe de réir ama le haghaidh tobac rollta).

Toisc go gcuirtear siar leis an Treoir inrianaitheacht catagóirí eile táirgí tobac go dtí 2024, déantar i dtábla 5 sonraí an chórais inrianaitheachta tobac a fhaightear le haghaidh toitíní agus tobac rollta a chomhcheangal le sonraí ábhartha ó Euromonitor le haghaidh catagóirí eile táirgí tobac:

*Tábla 5: Díolachán iomlán táirgí tobac (in 2020)*

| **Sonraí córais inrianaitheachta tobac** | | **Sonraí ó Euromonitor** | | | **Coigeartú** | **Sonraí córais inrianaitheachta tobac + Sonraí ó Euromonitor** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Toitíní** (ina milliúin aonad) | **Tobac rollta** (Aon aitheantóir uathúil amháin = 50 gram) (ina milliúin maide choibhéiseacha) | **Todóga** (milliúin aonad) | **Todóigíní** (ina milliúin aonad) | **Táirgí Tobac Téite** (ina milliúin maide) | **Tobac Píopa agus Tobac Coganta*** (coigeartú) | **Gach táirge tobac** (ina milliúin maide choibhéiseacha) |

[3] Chun méid díolachán na dtáirgí tobac rollta a mheas, measadh go bhfuil 50 gram de thobac i bpaicéad tobac rollta, mar atá cláraithe sa chóras inrianaitheachta tobac, i.e. coibhéis thart ar 71 mhaide (ag glacadh leis go bhfuil 0.7 gram de thobac in aghaidh an mhaide).

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 436 123 | 122 341 | 1 006 | 8 459 | 20 766 | 4 210 | **592 904** |

*Ós rud é nach féidir méid díolachán tobac píopa agus tobac choganta a chainníochtú i maidí, déantar leis an anailís méid iomlán díolachán táirgí tobac a choigeartú tríd an sciar comhfhreagrach de luach margaidh AE27, is é sin 0.71 % in 2020 (dá bhrí sin 592 904 * 0.71 % = 4 210 milliún maide choibhéiseacha).
Foinse: Córas inrianaitheachta tobac an Aontais, Euromonitor International Passport Tobacco 2021

Chun an cion beacht dhíolachán iomlán táirgí tobac an Aontais a ríomh, ar díolachán é a chomhfhreagraíonn do mhéid díolachán táirgí tobac téite ar an leibhéal miondíola, úsáideadh san anailís an méid díolachán ab airde (i.e. an teaglaim de chóras inrianaitheachta tobac agus sonraí ó Euromonitor maidir le méid díolachán) mar an t-ainmneoir.

### 2.2.3 Méideanna díolachán táirgí tobac téite ar an leibhéal miondíola i ndáil le díolachán iomlán táirgí tobac ar leibhéal an Aontais

Mar a míníodh thuas, chun an cion cruinn de dhíolachán iomlán táirgí tobac an Aontais a chomhfhreagraíonn do mhéid díolachán táirgí tobac téite ar an leibhéal miondíola a ríomh, úsáideadh an t-uimhreoir is ísle - méid díolachán GIC-AE (i.e. 19 717 milliún maide) i gcomhcheangal leis an ainmneoir is airde bunaithe ar inrianaitheacht tobac agus méid Euromonitor (i.e. 592 904 milliún maide chóibhéasacha).

Léiríodh sa chur chuige coimeádach sin gurbh ionann méid díolachán na dtáirgí tobac téite ar an leibhéal miondíola agus **3.33 %** de mhéid iomlán díolachán na dtáirgí tobac go léir ar leibhéal an Aontais don bhliain 2020.

Ós rud é go sáraíonn an luach sin tairseach 2.5 %, comhlíontar an dara coinníoll maidir le hathrú substaintiúil ar dhálaí maidir le táirgí tobac téite freisin.

### 2.2.4 Luach díolachán táirgí tobac téite ar an leibhéal miondíola i ndáil le díolachán iomlán táirgí tobac ar leibhéal an Aontais

Soláthraítear leis an anailís ar an luach díolachán tomhas malartach ar sciar margaidh na dtáirgí tobac téite in 2020 agus ceadaítear léi breithniú a dhéanamh ar na mionchatagóirí eile de tháirgí tobac nach féidir a thomhas i maidí: tobac píopa agus tobac coganta (a úsáidtear le haghaidh coigeartuithe ar phríomhanailís méideanna díolacháin).

Léirítear sa tábla thíos an luach díolachán iomlán do gach catagóir táirgí do gach Ballstát in AE27 i mbilliún euro:

*Tábla 6: Luach díolacháin ar gach catagóir táirgí (in 2020)*

| Catagóirí Táirge | Luach miondíola Billiún EUR | Sciar den mhargadh (%) de dhíolachán iomlán ar leibhéal an Aontais |
|---|---|---|
| **Toitíní** | 109.88 | 81.38 % |
| **Todóigíní** | 2.33 | 1.73 % |
| **Todóga** | 2.05 | 1.52 % |
| **Tobac Gearrtha Mín (Tobac Rollta)** | 15.06 | 11.15 % |
| **Tobac Píopa** | 0.93 | 0.69 % |
| **Tobac Coganta** | 0.02 | 0.02 % |

| | | |
|---|---|---|
| **Tobac Téite** | 4.74 | **3.51 %** |
| **Gach táirge tobac** | 135.01 | 100.00 % |

Foinse: Euromonitor International Passport Tobacco 2021

Dá bhrí sin, tugann na sonraí sin le fios go gcomhfhreagraíonn luach díolachán na dtáirgí tobac téite ar an leibhéal miondíola do **3.51 %** de mhéid iomlán díolachán na dtáirgí tobac go léir ar leibhéal an Aontais le haghaidh na bliana 2020. Deimhnítear leis sin tuilleadh an phríomhanailís bunaithe ar an méid díolachán.

## 3. Conclúid

De bhrí gur mar seo a leanas a bhí méideanna díolachán táirgí tobac téite:

- mhéadaigh siad 10 % ar a laghad i gcúig Bhallstát ar a laghad, agus
- gur mó méid iomlán díolachán táirgí tobac téite ar an leibhéal miondíola ná 2.5 % de dhíolachán iomlán táirgí tobac ar leibhéal an Aontais,

bunaítear leis an Tuarascáil seo an t-athrú substaintiúil ar dhálaí maidir le táirgí tobac téite.